# Coláiste Chroí Mhuire

SAMHRADH, 2012 — NUACHTLITIR 05


TAOBH ISTIGH:


Seó Tallainne na Scoile "Conamara Mó Ghrá" 2

Cóicís na Gaeilge! 2

Imeahtaí na hIdirbliana 2

Torthaí Lá Spóirt 3

Imeachtaí Eile Spóirt 3

Turais Scoile 4

Bronnadh na nduaiseanna 4


## Focal ón bPríomhoide


**Fáiltím roimh eagrán eile de nuachtlitir na scoile. Seo é an t-am den bhliain scoile nuair a bheidh muid ag fágáil slán le grúpa eile scoláirí, a bheidh ag dul amach sa saol tar éis dóibh an Ardteist a chríochnú ag deireadh na míosa seo. Guíonn muid gach rath ar rang na hArdteiste 2012. Tá súil againn go bhfeicfidh sibh toradh dearfach ar bhur gcuid oibre ar fad agus go mbeidh sibh sásta leis an treo a thógfaidh an saol sibh amach anseo. Gach rath freisin ar na daltaí atá ag tabhairt faoin dTeastas Sóisearach.**

**B'fhéidir gur chomartha aoise é ach d'airigh muid go mba bhliain í an bhliain seo. Is dóigh go mbíonn an oiread rudaí ar siúl sa scoil nach mbíonn na téarmaí i bhfad ag imeacht. Chuir sé an-áthas orm na daltaí a fheiceáil ag caidheacáil ar an bhfarraige i mbliana agus déanaim comhghairdeachas leis na daltaí ar fad ar éirigh leo leibhéal a dó a bhaint amach leis an 'Irish Canoe Union'. Glacaim buíochas thar cheann na ndaltaí lena dtreanálaí Pierce Ó Tuathail.**




Ba mhór an ocáid é nuair a tháinig an t-aisteoir/amhránái Keith Duffy isteach chuig an scoil le cloigeann Oisín Barker ón gcéad bliain a bhearradh. Bhí Oisín ag bailiú airgid ar son Autism Ireland. Léiríonn sé seo gur buachaill an-fhreagrach agus an-chróga é Oisín a bhí sásta tabhairt faoin ndúshlán seo.

**Glacaim buíochas freisin le Tadhg Ó Curraoin agus le hÉanna Ó Conghaile a rinne treanáil sa liathróid láimhe leis na daltaí.**




Clúdach an leabhráin a bhí againn i mbliana le haghaidh Aifreann na hArdteiste. Nina Nic Liam ón rang ealaíne ard-teiste a dhearaigh an chlúdach. Bhí ainm gach scoláire ard-teiste le feiceáil ar bhrainsí an chrainn. Buíochas le Bn Uí Nuadhnáin as ucht an t-aifrinn a ullmhú agus buíochas le hInïon Vesey a d'eagraigh an ceol don oíche.

**Is iontach an rud é an méid tóir atá ar an liathróid láimhe i measc na scoláirí agus an úsáid atá á bhaint as an áis nua atá againn ina thaobh. Ar ndóigh glacaim buíochas leis na múinteoirí ar fad a thóg foirne cispheile, peile agus iománaíochta i mbliana, agus déanaim comhghairdeachas leo toisc gur éirigh chomh maith sin leo ina gcuid comórtais éagsúla.**

**Tá moladh ard le dul do na daltaí ar fad a fuair aitheantas ón scoil ar 'Lá Bhronnadh na nDuaiseanna' ag deireadh na bliana scoile, agus ar ndóigh do na daltaí ar fad a d'imigh ar thurais, a ghlac pairt i gcluichí, sa cheolchoirm agus in imeachtaí uile seach-churaclaim na scoile as ucht an ard-chaighdeán iompair a léirígh said i gcónaí. Glacann muid buíochas leo agus lena dtuismitheoirí a thugann an-tacaíocht don scoil i gcónaí.**

**Glacaim buíochas freisin leis an bhfoireann teagaisc a oibríonn go dían dicheallach ar son na ndaltaí agus na scoile. Tá Samhradh maith tuillte agaibh ar fad. Fágann muid slán le Bean Uí Mhairtín atá ag éirí as i mbliana tar éis blianta fada a chaitheamh linn i CCM, agus le In. Ní Bhearshuiligh, In. Ní Ghríofa agus le In. Ní Fhloinn atá ag aistriú go dti scoileanna eile. Glacann muid buíochas leo ar fad as ucht a gcuid oibre ar son na scoile agus guíonn muid gach rath orthu don todhchaí.**

**Mar fhocal scoir, iarraim ar thuismitheoirí aon seanleabhair a bhfuil caoi maith orthu, nach bhfuil ag teastáil sa bhaile níos mó a bhronnadh ar an scoil. Tá sé i gceist againn leabharlann a oscailt ag am lóin gach lá do na daltaí, agus chuideodh sé go mór dá gcabhródh tuismitheoirí linn leis an tionscnamh.**

**Bíodh Samhradh maith agaibh ar fad, feicfidh mé arís sibh i mí Lúnasa le cúnamh Dé.**

**Tríona Uí Mhurchú**

## "Conamara mo Ghrá" Seó Tallainne na Scoile

Chuir suas le 60 dalta seó spleodrach ar stáitse i Seanscoil Sailearna i mí Márta. Bhí réimse do-chreidte tallainne le feiceáil i measc na ndaoine óga fuinniúil seo, idir damhsa, canadh, seinm cheoil agus aisteoireacht. 'Conamara mo Ghrá' a bhaist siad ar an seó agus bhí grá, bród, greann agus spiorad na ngasúr le sonrú ó thús deireadh.

Comhghháirdeachas ó chroí libh agus míle buíochas daoibh as an deis agus spreagadh a thabhairt d'aos óg Chonamara a dtallann a léiriú don phobal.

Ár mbuíochas ag dul do Iníon Vesey agus In Ní Uallacháin as ucht an méid oibre a rinne siad arís i mbliana ag cur an seó iontach seo le chéile.










Buaiteoirí an chluiche eitpheile idir na múinteoirí agus lucht na hArdteiste.

**Ar chúl**, In Ní Bhearshuiligh, In Ní Chonchubhair, In Ní Ráinne, In Vesey, Bn Uí Chonghaile, agus In Ní Uallacháin.

**Chun tosaigh:** Máistir ó Conláin, Máistir Ó Conchubhair agus Máistir Ó Mainín

## "Coicís na Gaeilge"

I mbliana bhí coicís na gaeilge againn in áit seachtain na Gaeilge. D'eagraigh In Ní Bhearsuiligh an oiread siad imeachtaí do na ranganna uilig. Bhí na scoláirí go hiontach ag glacadh páirt sna himeachtaí agus bronnadh duaiseanna orthu siúd a bhuaigh na comórtais éagsúla ag deireadh na coícise. I measc na n-imeachtaí bhí cleamhnas, sraith peile cailíní agus buachaillí, cairiocé as gaeilge, lá le hata glas agus tráth na gceist. Cuireadh críoch leis an gcoicís le cluiche eitpheile idir lucht na hArdteiste agus na Múinteoirí. Ar ndóigh bhí an bua ag na múinteoirí!! Ba mhór an spórt é.

## Idirbhliain 2011/2012

**Bhí an-bhliain ag lucht na hIdirbliana arís i mbliana agus bhí In Vesey, comhordaithneoir na hIdirbliana, coinnithe ag imeacht ag eagrú gníomhaíochtaí dóibh. Seo thíos sample de chuid de na himeachtaí seach-churaclaim a rinne siad:**

- Ceardlann Filíoctha
- An Comórtas Náisiúnta Treabhóireachta
- Cúrsa Garchabhair
- Sábháilteacht ar bhóithre
- Cúrsa Ceannasaíochta
- Judo
- Taithí Oibre faoi dhó i rith na bliana
- Obair Dheonach Sóisialta
- Ceardlann Drámaíochta
- Caint sa GMIT maidir le treoirgairm
- D'éirigh thar barr leis na scoláirí sa scrúdú "Safefood" a eagraíonn eagraiocht oifeagach folláine Comhshaoil (Enviornmental Health Officers). Bhain siad an-sásamh as na ranganna cócaireachta freisin.
- ECDL– D'éirigh leo na seacht modúil a chríochnú agus a phasáil roimh dehireadh na bliana. Don chéad uair i mbliana bhí deis acu na scrúduithe a dhéanamh sa scoil sa seomra ríomhaireachta nua.
- Cúrsa Dlí
- "Poetry Slam"
- Leabhar Digiteach
- Sláinte Intinn Dearfach



Bhronn Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J.E Cairnes NUIG, teastais ardchumais ar dhaltaí a bhain "A" amach i scrudú an teastais shóisearaigh i Staidéar Gnó(Ardléibhéal). Ag an mbronnadh bhí na daltaí seo a leanas, Tadhg Ó Conghaile, Morgan Ó Conghaile, Anne Mairéad Ní Chualáin, Caitríona Ní Dhomhnaill, Hannah Madden Egan agus múinteoirí, Bn Uí Choileáin agus Bn Uí Dhiollúin.

# Torthaí Lá Spóirt agus Bronnadh Duaiseanna Spóirt

| | Buachaillí ón gCeád bhliain | Cailiní ón gCéad bhliain | Buachaillí Sóisearacha | Cailiní Sóisearacha | Buachaillí Sinsearacha | Cailiní Sinsearacha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Léim Fhada** | Evan Ó Cadhain<br>Ruadhán Ó Curraoin | Méabh Ni Dhonnacha<br>Meghan Ní Cheallaigh | | India Ní Bhrúadair<br>Dearbhail Ní Chaoimh | Padraic Ó Curraoin<br>Philip Ó Diollúin | Hannah Egan<br>Mairéad Ní Thuathail |
| **Caitheamh Meachán** | Dillon Ó Callanáin<br>Liam Ó Sé | Méabh Ni Dhonnacha<br>Marie Nic Fhlannacha | **Buachaillí 2ú**<br>Cian Ó hÉilí<br>Adam Mac an tSagairt | **Buachaillí 3ú**<br>Eavan Tansey<br>Dónal O Sé | Conor Ó Cadhain<br>Tadhg Ó Caoimh | Caoimhe Ní Laoi<br>Nicola Nic an Bhaird |
| **Poc Fada** | Evan Ó Cadhain<br>Ruadhán Ó Curraoin | Meghan Ní Cheallaigh<br>Mary Ní Fhéinne | John Ó Gathlaíoch<br>Tadhg Ó Curraoin | Sorcha Ní Fhrighil<br>Nell Ní Chonláin | Conor Ó Cadhain<br>Shane Mac Ristéard | Laoise Bleasdale<br>Caitríona Ní Dhomhnaill |
| **Ciceanna Píonóis** | Padraic Ó Ceallaigh<br>Eoin Breathnach | Méabh Ni Dhonnacha<br>Camille Casburn-Trahan | Tadhg Ó Curraoin<br>Eavan Tansey | Nell Ní Chonláin<br>Sorcha Ní Fhrighíl | Breandán Ó Tuathail<br>Séan Ó hArgáin | Nicola Nic an Bhaird<br>Anne Mairéad Ní Chualáin/Leanne Casburn |
| **Rásaí - 100m** | Evan Ó Cadhain<br>Eoghan Breathnach | Clíona Ní Fhlannaire<br>Niamh Ní Chúinn | Cian Ó hÉilí<br>John Ó Gathlaíoch | Róisín Ní Nualláin<br>Laoise Nic an Phoil | Cillín Ó hEochaidh<br>Conor Ó hÉilí | Sara Ní Chonláin<br>Maighréad McAvinchey |
| **Rásaí - 200m** | Evan Ó Cadhain<br>Eoghan Breathnach | Clíona Ní Fhlannaire<br>Caoilfhionn Ni Chomhgháin | Cian Ó hÉilí<br>Ian Kent | India Ní Bhrúadair<br>Róisín Ní Nualláin | | Maighréad McAvinchey<br>Cara Ní Bhríain |
| **Rásaí - 400m** | Eoghan Breathnach<br>Cian MacLochlainn | Clíona Ní Fhlannaire<br>Caoilfhionn Ni Chomhgháin | Cian Ó hÉilí<br>Ian Kent | Róisín Ní Nualláin<br>Sorcha Ni Fhrighíl | Pádraic Ó Curraoin<br>Ruairí Mac Aodha/Séan Ó hArgáin | Maighréad McAvinchey<br>Cara Ní Bhríain |
| **Tarraint Téide** | **Bliain 1:(Cailíní agus Buachaillí)**<br>Dillon Ó Callanáin, Eoghan Breathnach, Aodhán Comerford, Camille Casburn-Trahan, Séan Ó Nualláin, Marie Nic Fhlannacha, Méabh Ní Dhonnacha agus Niamh Ní Chuinn | | **Bliain 2 agus 3:(Cailíní agus Buachaillí)**<br>Hannah Ní Laoire, Nell Ni Chonláin, Angela Ní Fhinneadha, Sarah Breathnach, Conor Ó Dubháin, Dónal O Sé, John Ó Gathlaíoch agus Eavan Tansey | | **Sinsir:(Cailíní agus Buachaillí)**<br>Lauren Ní Mhurchú, Caoimhe Ní Laoi, Laoise Bleasdale, Saoirse Ni Fhlátharta, Shane MacRisteárd, Conor Ó Cadhain, Kevin Ó Donabháin agus Pádraig Ó Curraoin | |

## *Laochra Spóirt na Scoile, 2012*





**Gach bliain tugtar aitheantas do Laochra Spóirt na scoile seo. I mbliana b'iad Cillín Ó hEochaidh agus Caoimhe Ní Laoi a fuair an onóir sin. Sa phictiúr le Caoimhe, tá Máistir Ó Mainín.**

## Cailíní na Chéadbliana– Cispheil

Comhghairdeachas le cailíní na Chéadbliana a chuaigh chomh fada leis na Cluichí Cáilithe Uile Éireann Cispheile san Uaimh i mbliana. Bhí an-choimhlint idir iad agus na foirne eile sa chomórtas agus tá ár mbuíochas ag dul do In Ní Chonchubhair, Meabh Ní Dhonnacha(2ú Bl) agus Caoimhe Ní Fhatharta (2ú Bl) a rinne an treanáil leo. Tá buíochas freisin ag dul do Bn Ui Dhiollúin agus Bébhinn Ní Ghríofa a bhí i gceannas ar an bhfoireann san Uaimh.

## *Imeachtaí Eile Spóirt*

- ***Comhghháirdeas leis an bhfoireann iománaíocht sóisir a chuaigh chomh fada leis an gcluiche ceannais***
- ***Comhgháirdeas le Cian Ó hEilí (2 Bl) i gcomórtas chraobh Chonnachta, Léim-fhada. Go n-éirí leis i gcraobh na hÉireann.***
- ***Comhgháirdeas le hÁine Nii Dhonnacha (1ú Bl), a ghlac páirt i gcraobh na hÉireann sna rásaí tras tire***
- ***Mar is gnáth d'eagraigh Máistir Ó Conláin léig sacair ag deireadh na bliana. Baineann na daltaí an-taitneamh as an léig seo i gconaí. I mbliana bhuaigh foireann Ian Kent, in éineacht le hIan bhí Brian MacCathmhaoil, Aodhán Breathnach, Eamonn Ó Conghaile, Tadhg Ó Caoimh agus Séan Ó hÁrgáin.***



# Turais Scoile



Thíos: Grúpa ón dara bliain a chuaigh ar thuras thar oíche go hAcla le hIníon Ní Chonchubhair. Bhain siad triail as surfáil, surfáil gaoithe agus cadhcáil. D'éirigh go hiontach leo.



Thuas: Daltaí ón idirbhliain agus ón gceathrú bliain a chuaigh go Londain ar thuras . Iníon Ní Chonchubhair, Bn Uí Ghríofa, In Vesey, Máistir Ó Mainín agus Bn Uí Choileáin a d'imigh in éineacht leo. Toabh istigh de cheithre lá, d'éirigh leo turas le treoraí a fháil ar Londain, dul chuig Wembley, cuairt a thabhairt ar Doinsiúin Londain agus an museum stairiúil náisiúnta, seó Westend "Wicked" a fheiceáil, gan trácht ar "rollercoasters" i Thorpe Park. Bhain múinteoirí agus daltaí an-taitneamh as an turas.



Thuas: Cuid de lucht na céadbliana a chuaigh chuig ionad spóirt uisce "Baysports" i mBaile Átha Luain. Bhuail siad isteach chuig an ionad siopadóireachta "Golden Island" ansin sular tháinig siad abhaile. Iníon Ní Ráinne agus Máistir Ó Conláin a bhí leo. Bhí an-lá ar fad acu! Caithfear iompar na ndaltaí a mholadh ar gach turas scoile a bhí againn i mbliana.

# Bronnadh na nduaiseanna, 2012



Bronnadh Corn Uí Churraoin ar Hannah Egan i mbliana in aitheantas dá cumas matamaitice. Sa phictiúir le Hannah tá a múinteoir matamaitice, Bn Uí Ghríofa

## Daltaí na bliana

- An Chéad Bhliain: Emer Nic Dhonnacha agus Ruadhán Ó Curraoin
- An Dara bliain: Caoimhe Ni Fhláthartha agus Luke Egan
- An Triú Bliain: Angela Ní Fhinneadha agus Darren Ó Cualáin
- Idirbhliain: Lauren Ní Mhurchú agus Conor Ó Cadhain
- An Ceathrú Bliain: Hannah Egan agus Morgan Ó Conghaile
- An Cuigiú Bliain: Nina NicLiam agus Jamie Ó Coinceannain



Síofra Ní Chonluain ag glacadh le Corn an tSiúr Regina ón bpríomhoide, de bharr an méid oibre a rinne sí i gcónaí sa scoil ó thaobh na gaeilge, drámaíocht agus ceol de.

*Eagraíodh comórtas filíochta i mbliana do lucht an 3ú bliain ar a thugtar "Poetry Slam". Bronnadh duaiseanna orthu seo a leanas:*

- *1ú Áit: Eavan Tansey le "The scentless Rose"*
- *2ú hÁit: Lauren Ní Chathasaigh le "Neglect"*
- *3ú hÁit : Dónal Ó Gabháin le "The Masked Man"*

*Bronnadh duaiseanna orthu seo a leanas freisin agus iad molta go hard*

- *Nell Ní Chonláin le "The City"*
- *Dónal Ó Sé le "We are afraid"*
- *Dearbhail Ni Chaoimh le "Being Annoyed"*
- *John Ó Gathlaíoch le "As a child"*



Buaiteoirí an "Poetry Slam", Lauren Ní Chathasaigh, Eavan Tansey agus Dónal Ó Gabháin

**Coláiste Chroí Mhuire**
Fón: 553113
Faics: 553412
Ríomhhost: :colaistechroimhuire@gmail,com
Suiomh Idirlíne: **ccm.ie**